



Múinteoir Nuacháilithe (MNC)

Bileog Eolais Chlárúcháin 2018

Agus tú ag teacht go deireadh do chuid staidéir agus tú ag súil le tús a chur le do ghairm mar mhúinteoir, tá sé riachtanach go gcláraíonn tú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht caighdeán gairmiúla, a dhéanann na caighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn agus a rialáil sa teagasc. Gníomhaíonn sí ar mhaithe leis an leas poiblí agus ag an am céanna ag tacú agus ag cur feabhais leis na caighdeáin i ngairm na múinteoireachta.

Tá céimeanna áirithe nach mór duit a ghlacadh lena chinntiú go gcuirtear d'iarratas ar chlárúchán mar mhúinteoir i gcrích i gceart. Ní mór duit bheith cláraithe sula dtosaíonn tú post teagasc i scoil aitheanta agus le tuarastal ón Stát a fháil.

Sa Phacáiste Clárúcháin MNC seo, gheobhaidh tú na doiciméid a bhfuil tagairt déanta dóibh thíos. Coinnigh an pacáiste seo le do thoil mar beidh ort breathnú air le linn an phróisis chlárúcháin sna míonna amach romhainn. Tá físeán ar fáil freisin le breathnú air a mhíniú an próiseas seo ar www.teachingcouncil.ie.

An Próiseas Clárúcháin

Gach bliain tugann ionadaí den Chomhairle Mhúinteoireachta cuairt ar na mic léinn sa bhliain deiridh i ngach coláiste nó ollscoil ina bhfuil clár oideachais múinteoirí á sholáthar. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh an Chomhairle Mhúinteoireachta an chumarsáid a dhéanamh ar líne. Is é aidhm na cuairte chun breac-chuntas a thabhairt ar ról agus feidhmeanna na Comhairle Mhúinteoireachta, eolas a chur ar fáil maidir leis an bpróiseas clárúcháin agus Grinnfhiosrúcháin, agus le foirmeacha a scaipeadh atá ag teastáil chun tús a chur leis an bpróiseas clárúcháin.

Sula dtosaíonn tú ag teagasc i scoil aitheanta, nó ag fáil tuarastail ó chistí an Stáit, ní mór duit bheith cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá roinnt céimeanna i gceist leis an bpróiseas clárúcháin. Do mhic léinn sa bhliain deiridh d'oideachas múinteoirí, tosaíonn an próiseas sula ndéanann tú do scrúduithe sa bhliain deiridh. Lena chinntiú gur próiseas clárúcháin atá simplí agus éasca a bheith ann, ní mór duit na céimeanna seo a leanas a chur i gcrích:

1 Foirm Toilithe

Lorgaíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta sonraí mac léinn ó na coláistí agus ollscoileanna leis an bpróiseas clárúcháin a éascú agus a dhéanamh níos simplí. San áireamh sna sonraí a lorgaítear tá ainm, seoladh, dáta breithe, inscne, uimhir PSP, teideal na cáilíochta agus eolas maidir leis an ngrad deiridh.

Ionas go mbeidh na coláistí agus na hollscoileanna in ann na sonraí seo a aistriú chuig an gComhairle Mhúinteoireachta, iarrtar ort an Foirm Toilithe a chomhlánú agus é a chur ar ais go dtí Oifig an Chláraitheora nó chuig Roinn an Oideachais sa choláiste nó san ollscoil.

Mura gcomhlánaíonn tú Foirm Toilithe, ní chuirfidh an coláiste nó an ollscoil do chuid sonraí ar aghaidh go dtí an Chomhairle. Mar thoradh air seo, ní bheidh an Chomhairle Mhúinteoireachta i suíomh le Foirm Iarratais MNC ar Chlárúchán a eisiúint agus beidh ort iarratas a dhéanamh ar chlárúchán agus úsáid a bhaint as an ngnáthfhoirm chlárúcháin agus na tras-scríbhinní cáilíochta uile agus cruthúnas céannachta a chur ar fáil.

2 Grinnfhiosrúchán

Tá sé riachtanach faoi na hAchtanna um an mBiúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) 2012 go 2016 (Acht BNG) go ndéanann an Biúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (BNG) grinnfhiosrúchán ar dhaoine a bhíonn ag obair le leanaí agus daoine soghonta.

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht údaráithe leis an ngrinnfhiosrúchán do mhúinteoirí in Éirinn a riar éilítear uirthi measúnú a dhéanamh ar nochtadh grinnfhiosrúcháin ó thaobh oiriúnachta le bheith cláraithe. Ní ghlactar ach amháin leis an nGrinnfhiosrúchán a dhéantar tríd an gComhairle Mhúinteoireachta le haghaidh clárúcháin. Éilítear ar an scoil nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil agus a mheas sula dtosaíonn an post.

Grinnfhiosrúchán - Cad is gá duit a dhéanamh

Céim 1 Comhlánaigh an fhoirm um chuireadh le haghaidh grinnfhiosrúcháin

Chun an próiseas grinnfhiosrúcháin a thosú beidh ort:

- an fhoirm um chuireadh le haghaidh grinnfhiosrúcháin ar líne a chomhlánú ar www.teachingcouncil.ie
- an fhoirm um chuireadh le haghaidh grinnfhiosrúcháin a léamh agus an fhoirm a shíniú
- doiciméid aitheantas deimhnithe agus cruthúnas de sheoladh a chur ar fáil agus
- an fhoirm agus an t-aitheantas a chur sa phost chuig an gComhairle Mhúinteoireachta.

Céim 2 Comhlánaigh an fhoirm iarratais ar ghrinnfhiosrúchán

Nuair a fhaigheann an Chomhairle Mhúinteoireachta d'fhoirm shínithe um chuireadh agus do dhóiciméid aitheantais tríd an bpost (céim 1), is é seo a leanas cad a tharlóidh/ a bheidh le déanamh:

- gheobhaidh tú ríomhphost ón mBíúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin le nasc díreach chuig an fhoirm iarratais ar ghrinnfhiosrúchán ar líne
- beidh 30 lá agat leis an iarratas ar ghrinnfhiosrúchán ar líne a chomhlánú agus a chur isteach agus
- beidh ort na postchóid iomlána (6 charachtar) do gach seoladh de Thuaisceart Éireann ina raibh tú i do chónaí a chur isteach.

Céim 3 A bhaineann le hiarratasóirí amháin atá ag clárú a raibh ina gcónaí thar lear

Má bhí tú i do chónaí lasmuigh d'Éirinn nó Tuaisceart Éireann ar feadh tréimhse carnaí trí bliana (36 mí) nó níos mó nuair a bhí tú os cionn 18 mbliana d'aois ansin beidh ort:

- cóip dheimhnithe d'imréiteach na bpóilíní a chur ar fáil do gach dlínse thar lear ina raibh tú i do chónaí.

Céim 4 An nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil (toradh)

Is é seo a leanas cad a tharlóidh:

- gheobhaidh tú ríomhphost ón mBíúro Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ina ndéarfur gur eisíodh do nochtadh grinnfhiosrúcháin chuig an gComhairle Mhúinteoireachta
- gheobhaidh tú ríomhphost ón gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfuil nasc chuig do nochtadh grinnfhiosrúcháin a luaithe agus atá sé próiseáilte agus
- beidh ort logáil isteach chuig cuntas nó cuntas a chruthú le Digitaly* chun breathnú ar do nochtadh.

*Digitaly is ea réiteach ar líne de chuid na Comhairle Mhúinteoireachta a úsáidfidh múinteoirí chun a nochtadh grinnfhiosrúcháin a fháil.

Céim 5 Do nochtadh eolais a roinnt le fostóir

- Beidh tú in ann do nochtadh a roinnt le fostóirí nó fostóirí a d'fhéadfadh bheith ann ar líne ag úsáid Digitaly agus
- Logáil isteach ar do chuntas Digitaly agus lean na treoracha le do nochtadh a roinnt.

3 Foirm Teistiméireacht Charachtair

Faoi na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta 2001 – 2015, ceann amháin de na riachtanais le cead iontrála a fháil sa Chlár Múinteoirí ná cruthúnas fianaise ar charachtar. Lorgaíonn an Chomhairle fianaise ar charachtar tríd an bpróiseas Grinnfhiosrúcháin (mar a bhfuil cur síos déantar air sa chuid roimhe seo) agus tríd an bhFoirm Teistiméireacht Charachtair a chomhlánú.

Ní mór an Fhoirm Teistiméireacht Charachtair a bheith comhlánaithe ag duine a bhfuil freagracht scolaíoch/ acadúil air/ uirthi, a bhfuil aithne aige/ aici ar an iarratasóir ar feadh bliain acadúil amháin ar a laghad le cúig bliana anuas agus a cheapann go bhfuil carachtar an iarratasóra oiriúnach do ghairm na múinteoireachta.

Ar feadh blianta roimhe seo, bhí deacrachtaí ag múinteoirí nuacháilithe le duine oiriúnach a aimsiú chun an chuid seo den fhoirm a chomhlánú le linn tréimhse nuair a bhíonn príomhoidí, múinteoirí cláraithe agus baill foirne coláiste ar saoire samhraidh. Chun an fhadhb seo a laghdú, tá Foirm Teistiméireacht Charachtair curtha isteach sa Phacáiste Clárúcháin MNC seo. Ba chóir an Fhoirm seo a bheith comhlánaithe chomh luath agus is féidir leis na deacrachtaí a sheachaint atá leagtha amach thuas. Molaimid duit go mbeadh an fhoirm seo comhlánaithe agat sula ndéanann tú do chuid scrúduithe deiridh. Ba chóir an fhoirm seo a choinneáil ansin agus a chur isteach in éineacht le d'iarratas ar chlárúchán a eiseofar chugat le linn mhíonna an tsamhraidh.

4 Foirm Iarratais an MNC

Nuair a éiríonn le mac léinn clár oideachas múinteoirí a chur i gcrích agus nuair a bhíonn Foirm Toilithe comhlánaithe aige/ aici roimhe seo (féach cuid 1), aistreoidh a c(h)oláiste/ a (h)ollscoil sonraí an mhic léinn chuig an gComhairle Mhúinteoireachta. Bíonn iarratas an MNC ar chlárúchán leis na sonraí seo ann roimh ré agus curtha chuig an mac léinn. Mura ndéantar do shonraí a aistriú ó do choláiste nó ollscoil (scrúduithe forlíontacha san áireamh), ní gheobhaidh tú Foirm an MNC ar chlárúchán agus beidh ort an ghnáthfhoirm chlárúcháin a chomhlánú.

Éilítear ort Foirm Iarratais an MNC ar Chlárúchán a chomhlánú, é a fháil sínithe agus stampa a bheith curtha uirthi áit a léirítear é, agus b'fhéidir go mbeidh gá le doiciméid bhreise (tras-scríbhinní) a chur ar fáil mar atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais (féach Ceisteanna Coitianta 2 ar leathanach 3).

De rogha air sin, d'fhéadfá sonraí sheoladh an tsuímh ghréasáin agus na sonraí logála isteach a chur ar fáil, áit ar féidir do thaifid acadúla a dheimhniú ar líne. Más mian leat cead a thabhairt don Chomhairle Mhúinteoireachta le breathnú ar do thaifid cháilíochtaí ar líne, ní mór duit na ceadanna rochtana/socruithe cuí chun doiciméid a roinnt a eagrú le haghaidh do dhóiciméad cáilíochtaí. Ní féidir glacadh le rochtain a dhéanamh tríd an áit a logálann tú isteach go pearsanta mar mhac léinn.

I bhFoirm Iarratais an MNC lorgaítear eolas Grinnfhiosrúcháin freisin. Tá sé riachtanach mar sin a chinntiú go bhfuil an Grinnfhiosrúchán curtha i gcrích (féach cuid 2 den bhileog seo).

Ní féidir leis an gComhairle próiseas clárucháin an MNC a chur i gcrích ach amháin nuair atá na doiciméid uile, Grinnfhiosrúchán san áireamh, curtha i gcrích

Nuair atá an próiseas clárucháin curtha i gcrích i gceart, gheobhaidh tú litir a Dheimhníonn an Clárucháin ón gComhairle Mhúinteoireachta.

Féach suíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna le haghaidh Ciorclán maidir le clárucháin agus earcaíocht múinteoirí (www.education.ie).

5. D'Iarratasóirí Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas Iarbhuscoile amháin

B'fhéidir go mbeadh fógra tugtha do mhic léinn MGO (iarbhunscoil amháin) a chríochnaigh an Deimhniú MGO i mbliain 1 dá gcuid staidéir iarchéime maidir le heasnamh e.g. easnamh creidiúna, riachtanas cónaitheachta maidir le teanga, riachtanas inniúlacht teanga.

I gcásanna mar seo éilítear ar na hiarratasóirí seo fianaise go bhfuil siad curtha i gcrích a chur isteach nuair a chuireann siad isteach a bhfoirm iarratais ar chlárúchán mura bhfuil sé curtha isteach acu cheana féin. Tabhair faoi deara nach féidir an clárucháin a chur i gcrích go dtí go bhfaightear an fhianaise seo.

Ceisteanna Coitianta

1. Cad nach mór dom a dhéanamh nuair a chuirim mo chlár oideachas múinteoirí i gcrích i gceart le leanúint ar aghaidh le mo chlárúcháin?

Má tá Foirm Toilithe comhlánaithe agat, aistreofar do shonraí teagmhála agus cáilíochtaí ó do choláiste/ ollscoil go dtí an Chomhairle Mhúinteoireachta.

Ansin eiseofar Foirm Iarratais an MNC ar Chlárucháin mar Mhúinteoir chugat. Comhlánaigh an fhoirm seo le do thoil chomh luath agus is féidir leat agus cuir í ar ais go dtí an Chomhairle Mhúinteoireachta leis na doiciméid chuí más gá. Ní mór duit a chinntiú freisin go bhfuil an próiseas Grinnfhiosrúcháin curtha i gcrích agat.

2. An gá dom mo thras-scríbhinní a chur isteach?

Beidh sé sonraithe ar Fhoirm Iarratais an MNC más gá duit cóipeanna deimhniú* de do thras-scríbhinní cáilíochtaí a chur ar fáil. Go hiondúil, má bhíonn clár eile seachas Baitsiléir Oideachais nó clár comhreach ceithre bliana d'oideachas múinteoirí curtha i gcrích agat, caithfidh tú tras-scríbhinní a chur isteach.

3. Cad nach mór dom a dhéanamh nuair a fhaighim post teagaisc?

Bíonn d'uimhir chlárúcháin de chuid na Comhairle Múinteoireachta de dhíth ar an Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) nó ón mBord Oideachais agus Oiliúna (BOO). Ba chóir duit bheith cláraithe agus cruthúnas de do chlárúcháin agus Grinnfhiosrúcháin a bheith agat nuair atá post teagaisc á lorg agat. Tá tuilleadh sonraí faoi earcaíocht múinteoirí, clárucháin agus cáilíochtaí curtha ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna (www.education.ie).

4. Cé chomh fada agus a ghlacann an próiseas Grinnfhiosrúcháin?

Go hiondúil, glacann an Grinnfhiosrúcháin idir 3 agus 4 seachtaine ón uair a fhaightear an t-iarratas iomlán ar chóir a thosú ar líne. D'fhéadfadh tréimhsí ama próiseála bheith níos faide le linn tréimhsí an-ghnóthach. Moltar duit tús a chur leis an bpróiseas Grinnfhiosrúcháin láithreach.

5. An féidir liom bheith cláraithe gan an próiseas Grinnfhiosrúcháin bheith curtha i gcrích agam?

Ní féidir. Tá sé riachtanach Grinnfhiosrúcháin a bheith déanta le haghaidh clárucháin. Ní bheidh múinteoir cláraithe gan an Grinnfhiosrúcháin bheith curtha i gcrích i gceart aige/ aici. Chun críche grinnfhiosrúcháin ní mór do mhúinteoirí nuacháilithe iarratas a dhéanamh ar Ghrinnfhiosrúcháin tríd an gComhairle Mhúinteoireachta. Níl Grinnfhiosrúcháin a chuirtear i gcrích trí thríú páirtí (e.g. scoil) inghlactha chun críche clárucháin.

6. An gá dom mo sheoltaí le linn na dtréimhsí a chaith mé sa choláiste a chur san áireamh ar an bhFoirm Iarratais ar Ghrinnfhiosrúcháin?

Is gá. Ní mór na seoltaí uile ina raibh tú i do chónaí ar feadh níos mó ná trí mhí a chur san áireamh i d'iarratas ar Ghrinnfhiosrúcháin.

7. Rinneadh grinnfhiosrúcháin orm trí eagraíocht eile (e.g. scoil, mo choláiste etc.), an bhfuil sé seo inghlactha?

Níl. Ní féidir glacadh ach amháin leis an nginnfhiosrúcháin a rinneadh tríd an gComhairle Mhúinteoireachta le haghaidh clárucháin.

8. Conas a bheidh a fhios agam nuair atá an Grinnfhiosrúcháin curtha i gcrích?

Is féidir le múinteoirí an stádas ar iarratas ar ghrinnfhiosrúcháin a sheiceáil ach úsáid a bhaint as uimhir an iarratais ar ghrinnfhiosrúcháin agus logáil isteach ar shuíomh gréasáin an Bhiúró Náisiúnta Ghrinnfhiosrúcháin ag <https://vetting.garda.ie/Track>.

When the Vetting process is complete, you will:

- gheobhaidh tú ríomhphost ón mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin ina sonraítear gur eisíodh do nochtadh Grinnfhiosrúcháin chuig an gComhairle Mhúinteoireachta
- gheobhaidh tú ríomhphost ón gComhairle Mhúinteoireachta ina bhfuil nasc chuig do nochtadh Grinnfhiosrúcháin nuair a dhéantar é a phróiseáil agus
- beidh ort logáil isteach nó cuntas a chruthú le Digitary* chun breathnú ar do nochtadh.

*Digitary is ea réiteach ar líne na Comhairle Múinteoireachta a úsáidfidh múinteoirí chun a nochtadh Grinnfhiosrúcháin a fháil.

*Polasaí um Chóip Dheimhniú

Is é is cóip dheimhniú fótachóip de bhundoiciméad a dheimhniú/a d'fhaomh duine oiriúnach, i.e. sínithe, stampa agus dáta curtha leis. Má dhéantar doiciméad a dheimhniú tá duine oiriúnach ag dearbhú go bhfaic sé/sí an bundoiciméad agus go gcreideann sé/sí gur fórchóip den doiciméad sin é an fhótachóip. Cinntear gurb iad na daoine seo a leanas daoine oiriúnacha d'fhonn doiciméid a dheimhniú: ball den Gharda Síochána (Póilín), Dlíodóir/ Coimisinéir Mionnaí, múinteoir cláraithe (leis an gComhairle Mhúinteoireachta, ní mór dóibh uimhir chlárúcháin a lua) nó Feidhmeannach Síochána (síní, dáta agus ainm i mbloclitreacha).

9. An bhfuil táille i gceist don chlárúchán?

Tá. Is é €90 an táille don chéad iarratas ar chlárúchán. Ina dhiaidh sin is é €65 an táille le athnuachan bhliantúil a dhéanamh ar an gclárúchán.

10. Conas a bheidh a fhios agam go bhfuilim cláraithe?

Gheobhaidh tú litir a Dheimhniú an Clárúchán, Lámhleabhar Clárúcháin cuimsitheacha agus cóip den Chód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí.

11. Cad a tharlaíonn más gá dom scrúduithe forlíontacha (athscrúduithe) a dhéanamh?

Mura n-aistrítear do shonraí chuig an gComhairle Mhúinteoireachta i rith mhíonna an tsamhraidh de bharr torthaí neamhiomlána nó go bhfuil gá le scrúduithe forlíontacha (athscrúduithe) a dhéanamh, beidh ort gnáthfhoirm iarratais ar chlárúchán a íoslódáil ón www.teachingcouncil.ie. Is féidir leat an fhoirm a chur isteach nuair a bhaintear amach aon scrúduithe forlíontacha. Ní mór go mbeadh cóip dheimhniú de do thras-scríbhinní agus aitheantas (teastas breithe, pas reatha, Cárta Seirbhísí Poiblí na hÉireann) in éineacht leis an bhfoirm. Tabhair faoi deara ní bhfaighidh tú meabhrúchán le clárú a dhéanamh ón gComhairle Mhúinteoireachta má bhíonn ort athscrúdaithe/scrúduithe forlíontacha a dhéanamh.

12. Táim cláraithe cheana féin leis an gComhairle Mhúinteoireachta. An gá dom aon rud a dhéanamh?

Ba chóir duit foirm iarratais an MNC ar chlárúchán a chur ar ais. Tabharfaidh an Chomhairle an Clár suas chun dáta dá réir agus cuirfeadh isteach an earnáil oideachais nua (bunscoil nó iarbhunscoil) i gcomhréir leis na cáilíochtaí breise a chuirtear isteach.

An Chomhairle Mhúinteoireachta The Teaching Council

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad, Maigh Nuad,
Co. Chill Dara, W23 Y7XO, Éire

Íosghlao 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
R-phost nqt@teachingcouncil.ie

www.teachingcouncil.ie

 @TeachingCouncil

An Chomhairle
Mhúinteoireachta

The Teaching Council



Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí

I gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí de chuid na Comhairle Mhúinteoireachta tugtar treoir maidir le breithiúnas agus cleachtadh gairmiúil na múinteoirí.

Sa Chód leagtar amach na caighdeáin ghairmiúla eolais, scile, inniúlachta agus iompair lena bhfuiltear ag súil ó mhúinteoirí cláraithe.

Ar an iomlán, tá 33 caighdeán den sórt sin a léiríonn castacht agus éagsúlacht an teagaisc agus a chlúdaíonn réimsí ar nós cumarsáid agus caidreamh, comhionannas agus cuimsiú, polasaithe náisiúnta agus scoile a chomhlíonadh, forbairt ghairmiúil agus leas daltaí/scoláirí. Tá na ceithre phríomhluach mar bhonn agus taca ag na caighdeáin - meas, cúram, macántacht agus muinín.

Sa Chód, cuirtear san áireamh freisin an comhthéacs i gcoitinne ina mbíonn an teagasc ar siúl agus na gnéithe éagsúla nach mbíonn smacht ag múinteoirí orthu a mbíonn tionchar acu ar a gcuid oibre, lena n-áirítear: rannpháirtíocht na dtuismitheoirí agus an pobal i gcoitinne; deiseanna d'fhorbairt ghairmiúil múinteoirí; agus an méid athruithe i gcúrsaí oideachais atá méadaithe go mór. Tugadh an Cód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí suas chun dáta in 2016 mar gheall ar thosach feidhme de Chuid 5 (Feidhmiúlacht chun Múineadh) de na hAchtanna um Chomhairle Mhúinteoireachta ar an 25 Iúil 2016.

Is forbairt thábhachtach agus dhearfach é foilsiú an Chóid dóibh siúd ar fad a bhfuil spéis acu i gcaighdeán an teagaisc inár seomraí ranga. Ós rud é go dtagann an córas oideachais isteach chuig beagnach gach teach sa tír, agus go mbíonn tionchar ollmhór aige ar chuid mhór daoine, tá sé ríthábhachtach go mbíonn córas luachanna agus caighdeáin ghairmiúla ghairm na múinteoireachta soiléir, éasca le tuiscint, agus fáil orthu go héasca. Agus an Cód Iompair Ghairmiúil seo do Mhúinteoirí curtha i bhfeidhm cuirfeadh feabhas leis an muinín agus iontaobhas atá ag an sochaí i múinteoirí.

Cuirtear cóip den chód chuig gach múinteoir nuachlárúithe. Is féidir é a íoslódáil freisin ó www.teachingcouncil.ie